



An Bhruiséil, 30 Bealtaine 2022
(OR. en, fr)

9236/22

Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0036(COD)

MAR 114
OMI 67
CODEC 726

TUARASCÁIL

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	An Chomhairle
Uimh. an doic. roimhe seo:	8916/22
Uimh. an doic. ón gCoim.:	6405/22 + ADD 1
Ábhar:	Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2003/25/CE a mhéid a bhaineann le ceanglais fheabhsaithe chobhsaíochta a thabhairt isteach agus lena gcomhchuibhiú leis na ceanglais chobhsaíochta atá sainmhínithe ag an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta – Cur chuige ginearálta

I. RÉAMHRÁ

1. An 18 Feabhra 2022, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.
2. Baineann an togra le modhnú Threoir 2003/25/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Aibreán 2003 maidir le ceanglais shonracha cobhsaíochta le haghaidh longa paisinéirí róró¹.
3. Le Treoir 2003/25/CE, leagtar síos ceanglais chobhsaíochta do longa paisinéirí róró a bhfuil bail dhamáistithe orthu le haghaidh gach long paisinéirí róró a oibrítear chuig calafort de chuid Ballstáit nó uaidh agus atá ar sheirbhís rialta, beag beann ar an mbratach atá ar foluain orthu, agus iad i mbun turais idirnáisiúnta. Is é is aidhm don Treoir a gcobhsaíocht a áirithiú dá ndéanfaí damáiste dóibh, rud a fheabhsódh cumas na soithí sin teacht slán i gcás a n-imbhuailte.

¹ IO L 123, 17.5.2003, lch. 22.

4. Is iad seo a leanas cuspóirí sonracha an athbhreithnithe:

- comhsheasmhacht a áirithiú, a mhéid is indéanta, leis na caighdeáin idirnáisiúnta cobhsaíochta damáiste a tugadh cothrom le dáta le déanaí, mar a ghlac an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO) iad maidir le longa paisinéirí;
- an chastacht agus an t-ualach teicniúil agus riaracháin a laghdú, a eascraíonn go príomha as dhá chóras éagsúla chun meastóireacht a dhéanamh ar chumas longa paisinéirí róró a bhfuil damáiste déanta dóibh teacht slán;
- débhrí na sainmhínithe agus na gceanglas a laghdú, a mhéid is féidir, i bhfianaise Threoir 2009/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 maidir le rialacha agus caighdeáin sábháilteachta le haghaidh longa paisinéirí², mar a leasaíodh í; agus
- deireadh a chur le forálacha atá as dáta maidir le hionstraimí idirnáisiúnta nach mbaineann le hábhar a thuilleadh nó nach bhfuil i bhfeidhm a thuilleadh.

5. Glacadh an togra faoi chuimsiú Chlár an Choimisiúin um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála (REFIT) agus an Chláir Oibre maidir le Rialáil Níos Fearr agus mar obair leantach láithreach ar reachtaíocht an Aontais maidir le sábháilteacht long paisinéirí³. Níl measúnú tionchair cuimsitheach ag gabháil leis.

² IO L 163, 25.6.2009, lch. 1.

³ 13230/15.

II. SCRÚDÚ AG NA hINSTITIÚIDÍ EILE

6. An 1 Aibreán 2022, cheap Coiste Pharlaimint na hEorpa um Iompar agus um Thurasóireacht (TRAN) Roberts Zile (ECR, an Laitvia) mar rapóirtéir.
7. An 18 Bealtaine 2022, ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim maidir leis an togra⁴.

III. AN STAID MAR ATÁ SA CHOMHAIRLE

8. Scrúdaigh an Mheitheal um Loingseoireacht an togra ag cruinnithe éagsúla ó bhí mí an Mhárta 2022 ann. Chuir na toscaireachtaí go léir in iúl go dtacaíonn siad go ginearálta le cuspóirí an togra ón gCoimisiún, chun treisiú le leibhéal sábháilteachta longa paisinéirí róró.
9. Ag an gcruinniú a bhí aici an 17 Bealtaine, tháinig an Mheitheal ar chomhaontú maidir leis an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn.
10. Ag an gcruinniú a bhí aige an 20 Bealtaine, dheimhnigh Coiste na mBuanionadaithe comhaontú na Meithle agus mhol sé don Chomhairle teacht ar chur chuige ginearálta ag an gComhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh (Iompar) an 2 Meitheamh 2022.
11. Na leasuithe atá beartaithe ar an togra ón gCoimisiún, tá siad teoranta. Ó thaobh substainte de, ceithre leasú atá beartaithe.
12. Ar an gcéad dul síos, scriosfaí pointe (c) d’Airteagal 6(5). Tá sí iomarcach mar fhoráil, go deimhin, mar gheall ar na roghanna malartacha a leagtar amach i bpointe (a) agus pointe (b) den mhír chéanna.
13. Ar an dara dul síos, chuirfí síneadh 24 mhí leis an spriocdháta don trasuí a mhol an Coimisiún (bliain amháin tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí).

⁴ 9327/22 + COR 1.

14. Thairis sin, ionas nach gcuirfí ualach díréireach riaracháin ar Bhallstáit thalamhiata, d'fhéadfadh Ballstáit nach bhfuil calafoirt acu agus a bhfuil a glár náisiúnta long dúnta acu nó nach bhfuil acu longa paisinéirí a bhfuil a mbratach ar foluain orthu agus a thagann faoi raon feidhme na Treorach, d'fhéadfaidís maolú ar fhorálacha na Treorach (Airteagal 2a agus Aithris 9a). D'fhágfadh sin nach mbeadh sé d'oibleagáid orthu an Treoir a thrasú, fad a bheadh na coinníollacha sin á gcomhlíonadh acu.
15. Ar deireadh, á chur san áireamh gurb é ba chúis le hAirteagal 7a a chur isteach, a chur in iúl gur cheart do Stáit Chalafoirt comhoibriú a mhéid is féidir chun liosta na limistéar farraige dá dtagraítear in Airteagal 5(1) a bhunú, agus ceannasacht Stát ar limistéir farraige atá faoina ndlínse agus prionsabail ghinearálta dhlí na farraige á gcur san áireamh acu.
16. Tá forchoimeádas nós imeachta ag an gCoimisiún i gcónaí, ag an tráth seo, maidir leis na leasuithe go léir ar a thogra.

IV. **CONCLÚID**

17. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar an gComhairle teacht ar chur chuige ginearálta maidir leis an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2003/25/CE a mhéid a bhaineann le ceanglais fheabhsaithe chobhsaíochta a thabhairt isteach agus lena gcomhchuibhiú leis na ceanglais chobhsaíochta atá sainmhínithe ag an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta, bunaithe ar an gcomhréiteach a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an tuarascáil seo.

2022/0036 (COD)

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Treoir 2003/25/CE a mhéid a bhaineann le ceanglais chobhsaíochta fheabhsaithe a chur léi agus í a ailíniú le ceanglais chobhsaíochta atá sainmhínithe ag an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa⁵,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún⁶,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Bunaítear le Treoir 2003/25/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁷ leibhéal aonfhoirmeach de cheanglais chobhsaíochta shonracha le haghaidh longa paisinéirí róró, lena gcuirtear feabhas ar mharthanacht an chineáil soithigh seo i gcás damáiste de dheasca imbhualadh agus lena soláthraítear ardleibhéal sábháilteachta do na paisinéirí agus don chriú, in éineacht leis na ceanglais a leagtar amach sa Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir ('Coinbhinsiún SOLAS') a bhí i bhfeidhm ar dháta glactha na Treorach (SOLAS 90).

⁵ Barúil an 18 Bealtaine 2022 (*nár foilsíodh san IO go fóill*).

⁶ IO C , , lch. .

⁷ Treoir 2003/25/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Aibreán 2003 maidir le ceanglais sábháilteachta shonracha le haghaidh longa paisinéirí róró (IO L 123, 17.5.2003, lch. 22).

- (2) An 15 Meitheamh 2017, ghlac an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta ('IMO') Rún MSC.421(98) ina leagtar amach na forálacha sonracha athbhreithnithe maidir le ceanglais chobhsaíochta do longa paisinéirí a bhfuil damáiste déanta dóibh, a bhfuil feidhm acu maidir le longa paisinéirí róró freisin. Is gá na forbairtí sin ar an leibhéal idirnáisiúnta a chur san áireamh agus rialacha agus ceanglais an Aontais a ailíniú leo siúd a bhunaítear i gCoinbhinsiún SOLAS maidir le longa paisinéirí róró i mbun turais idirnáisiúnta.
- (3) Faoi Rún IMO 14 ó Chomhdháil SOLAS 1995, ligeadh do bhaill IMO comhaontuithe réigiúnacha a chríochnú má mheasann siad go bhfuil gá le ceanglais chobhsaíochta shonracha i limistéar ainmnithe de bharr na ngnáthdhálaí agus dálaí áitiúla eile sa limistéar sin.
- (3a) Na ceanglais chinnteachaíochta maidir le cobhsaíocht damáiste le haghaidh longa paisinéirí róró a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/25/CE, ní hionann na ceanglais sin agus na ceanglais nua dhóchúláíochta idirnáisiúnta faoina ndéantar sábháilteacht loinge paisinéirí róró a thomhas ar bhonn dhóchúlacht an mharthanais tar éis imbhualadh. Leagtar amach an córas dóchúláíoch idirnáisiúnta i gcaibidil II-1 de Choinbhinsiún SOLAS. Ba cheart na ceanglais nua a ionchorprú i dTreoir 2003/25.
- (4) Leanfaidh na ceanglais a leagtar síos i dTreoir 2009/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁸ d'fheidhm a bheith acu maidir le longa paisinéirí róró. Mar thoradh ar an measúnú a rinneadh maidir le méideanna éagsúla longa paisinéirí róró ar an leibhéal sábháilteachta a áirítear le SOLAS 2020, thángthas ar an gconclúid gurb amhlaidh, dá gcuirfí na ceanglais chobhsaíochta sin i bhfeidhm, gur laghdú mór riosca an toradh a bheadh ann le haghaidh longa paisinéirí róró atá deimhnithe chun 1350 duine a iompar ar bord, i gcomparáid leis an leibhéal sábháilteachta a d'áiríteofaí leis na ceanglais a leagtar amach i dTreoir 2003/25/CE in éineacht le Coinbhinsiún SOLAS arna leasú le SOLAS 90.
- (5) Ceanglais chobhsaíochta a leagtar síos sa Treoir seo maidir le longa paisinéirí róró atá deimhnithe chun 1350 duine nó níos lú a iompar ar bord, bheadh sé deacair na ceanglais sin a chur chun feidhme maidir le dearaí áirithe de na longa sin. Ba cheart, dá bhrí sin, rogha a bheith ag oibreoirí eacnamaíochta a bhfuil na longa sin acu nó a bhfuil na longa sin á n-úsáid acu i seirbhís rialta san Aontas na ceanglais chobhsaíochta is infheidhme a chur i bhfeidhm roimh theacht i bhfeidhm na Treorach seo. Ba cheart do na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún maidir le húsáid na rogha sin in éineacht le tacar sonraí maidir leis na longa lena mbaineann. Deich mbliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar úsáid na rogha chun cinneadh a dhéanamh maidir le hathbhreithniú breise ar an Treoir seo.
- (6) Maidir le longa paisinéirí róró atá deimhnithe chun 1350 duine nó níos lú a iompar ar bord, ba cheart cur i bhfeidhm roghnach cheanglais SOLAS 2020 a bheith ar choinníoll leibhéal innéacs R a bheith níos airde ná mar a shainítear in SOLAS 2020 chun an leibhéal iomchuí sábháilteachta a bhaint amach.
- (7) Chun an leibhéal sábháilteachta is gá a áirithiú, ba cheart feidhm a bheith ag ceanglais chobhsaíochta shonracha freisin ar longa paisinéirí róró atá ann cheana nach raibh deimhnithe riamh de réir Threoir 2003/25/CE agus atá á gcur i seirbhís rialta san Aontas.
- (7a) Ba cheart do Stáit Chalafoirt comhoibriú a mhéid is féidir chun liosta na limistéar farraige dá dtagraítear sa Treoir seo a bhunú, agus ceannasacht Stát ar limistéir farraige atá faoina ndlínse agus prionsabail ghinearálta dhlí na farraige á gcur san áireamh acu.

⁸ Treoir 2009/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 maidir le rialacha agus caighdeáin sábháilteachta le haghaidh longa paisinéirí (IO L 163, 25.6.2009, lch. 1).

- (8) Chun go bhféadfaidh an Coimisiún meastóireacht a dhéanamh agus tuairisciú a dhéanamh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le cur chun feidhme na Treorach seo faoin *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach dáta: deich mbliana ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo]*, ba cheart do na Ballstáit sonraí a sholáthar maidir le gach long nua paisinéirí róró a dheimhnítear tar éis *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach, le do thoil, dáta: 24 mhí ó theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo]* chun 1350 duine nó níos lú a iompar ar bord le haghaidh seirbhís rialta i gcomhréir leis na ceanglais chobhsaíochta atá sa Treoir seo. Ba cheart na sonraí sin a sholáthar i gcomhréir leis an struchtúr a leagtar amach san Iarscríbhinn. Beidh na sonraí sin ar fáil do gach long nua paisinéirí mar go gceanglaítear orthu na ceanglais chobhsaíochta dhóchúlaíocha dá bhforáiltear ag SOLAS 2020 a chomhlíonadh.
- (9) Toisc go ndearnadh Treoir 2009/16/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁹ a leasú, agus go ndearnadh Treoir 1999/35/CE ón gComhairle¹⁰ a aisghairm le Treoir (AE) 2017/2110 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹¹, níl an coincheap ‘Stát óstach’ ábhartha a thuilleadh agus dá bhrí sin ba cheart an coincheap ‘Stát calafoirt’ a chur ina ionad.
- (9a) Ionas nach gcuirfear ualach díréireach riaracháin ar Bhallstáit thalamhiata nach bhfuil calafoirt mhuirí acu agus nach bhfuil longa acu a bhfuil a mbratach ar foluain orthu agus a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo, ba cheart maolú ar fhorálacha na Treorach seo a cheadú do na Ballstáit sin. Fágann sin, fad a chomhlíontar na coinníollacha sin, nach bhfuil sé d’oibleagáid orthu an Treoir seo a thrasú.
- (10) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 2003/25/CE a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

⁹ Treoir 2009/16/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le rialú Stát calafoirt (IO L 131, 28.5.2009, lch. 57).

¹⁰ Treoir 1999/35/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 1999 maidir le córas suirbhéanna sainordaitheacha d’oibriú sábháilte seirbhísí rialta farantóireachta róró agus árthaí paisinéirí ardluais (IO L 138, 1.6.1999, lch. 1).

¹¹ Treoir (AE) 2017/2110 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Samhain 2017 maidir le córas cigireachtaí d’oibriú sábháilte long paisinéirí róró agus árthaí paisinéirí ardluais i seirbhís rialta agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/35/CE ón gComhairle (IO L 315, 30.11.2017, lch. 61).

Airteagal 1

Leasuithe ar Threoir 2003/25/CE

Leasaítear Treoir 2003/25/CE mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (b) agus (c):

“(b) ciallaíonn ‘long paisinéirí róró atá ann cheana’ long paisinéirí a bhfuil a cíle leagtha nó atá ag céim chomhchosúil den tógáil roimh an *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta: 24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo]*; ciallaíonn céim chomhchosúil den tógáil an chéim ag a mbíonn na nithe seo a leanas i gceist:

- (i) tosaítear ar an tógáil is féidir a aithint mar long shonrach; agus
- (ii) tá tús curtha le cóimeáil na loinge sin lena gcuimsítear ar a laghad 50 tona nó 1 % de mhais mheasta na n-ábhar struchtúrtha, cibé acu is lú;

(c) ciallaíonn ‘long paisinéirí róró nua’ long paisinéirí róró nach long í atá ann cheana;”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):

“(e) ciallaíonn ‘Coinbhinsiún SOLAS’, an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir, 1974, agus na leasuithe a rinneadh air atá i bhfeidhm;”;

(c) cuirtear pointe (ea), pointe (eb) agus pointe (ec) isteach mar a leanas:

“(ea) ciallaíonn ‘SOLAS 90’, an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir, 1974, arna leasú leis na hionstraimí IMO seo a leanas:

- Res.MSC.1(45);
- Res.MSC.6(48);
- Res.MSC.11(55);
- Res.MSC.13(57);
- Res.MSC.19(58);
- Res.MSC.26(60);
- Res.MSC.24(60);
- Res.MSC.27(61);
- Res.MSC.31(63);
- SOLAS/CONF.2/21;

- Res.MSC.42(64);
- Res.MSC.46(65);
- Res.MSC.57(67);
- Res.MSC.65(68);
- SOLAS/CONF.4/25;
- Res.MSC.69(69);
- Res.MSC.99(73);
- Res.MSC.117(74);

(eb) ciallaíonn ‘SOLAS 2009’, an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir, 1974, arna leasú le Rún MSC.216(82);

(ec) ciallaíonn ‘SOLAS 2020’, an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir, 1974, arna leasú le Rún MSC.421(98);”;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):

“(f) ciallaíonn ‘seirbhís rialta’ sraith trasnuithe le long paisinéirí róró a oibrítear chun freastal ar thrácht idir an dá chalafort chéanna nó níos mó, nó sraith turas ón gcalafort céanna agus ar ais chuige gan stadanna idir eatarthu, bíodh sin:

- (i) de réir tráthchlár foilsithe; nó
- (ii) le trasnuithe atá chomh rialta nó chomh minic sin gur féidir iad a aithint mar shraith chórasach;”;

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (i):

“(i) ciallaíonn ‘Stát calafoirt’ Ballstát a dtéann long paisinéirí róró chuig a gcalafoirt nó uathu, i mbun seirbhís rialta;”;

(f) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (k):

“(k) ciallaíonn ‘ceanglais chobhsaíochta shonracha’ na ceanglais chobhsaíochta dá dtagraítear in Airteagal 6;”;

(g) cuirtear isteach an pointe (n) seo a leanas:

“(n) ciallaíonn ‘oibreoir’ an t-eintiteas dlítheanach nó an duine fisiceach a bhfuil an fhreagracht glactha aige an long a oibriú”;

- (2) in Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Áiritheoidh gach Ballstát, i gcáil Stát calafoirt dó, go ndéanfaidh longa paisinéirí róró atá faoi bhratach stáit nach Ballstát é, go ndéanfaidh siad ceanglais na Treorach seo a chomhlíonadh ina n-iomláine sula bhféadfaidís dul i mbun turais ar sheirbhís rialta chuig calafoirt an Bhallstáit sin nó uathu, i gcomhréir le Treoir 2017/2110/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹².’;

- (3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:

‘Airteagal 4

Tonnairdí suntasacha

Úsáidfear na tonnairdí suntasacha (hs) chun airde an uisce ar dheic na gcarranna a chinneadh nuair a chuirtear i bhfeidhm na ceanglais chobhsaíochta shonracha atá i roinn A d’Iarscríbhinn I. Is iad na figiúirí a bheidh sna dtonnairdí suntasacha iad sin nach sáraítear le dóchúlacht is mó ná 10 % ar bhonn bliantúil.’;

- (4) Leasaítear Airteagal 5 mar a leanas:

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Bunóidh Stáit Calafóirt liosta de na limistéir farraige a thrasnaíonn longa paisinéirí róró a oibríonn seirbhís rialta chuig a gcalafoirt nó uathu chomh maith le luachanna comhfhreagracha na dtonnairdí suntasacha sna limistéir sin, agus coinneoidh sé an liosta cothrom le dáta.’;

- (b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Foilseofar an liosta i mbunachar sonraí poiblí atá ar fáil ar shuíomh idirlín an údaráis mhuirí inniúil. Tabharfar fógra don Choimisiún maidir le suíomh na faisnéise sin chomh maith le haon nuashonruithe ar an liosta agus na cúiseanna leis na nuashonruithe sin.’;

¹² Treoir (AE) 2017/2110 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Samhain 2017 maidir le córas cigireachtaí d'oibriú sábháilte long paisinéirí róró agus áirteáil paisinéirí ardluais i seirbhís rialta agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/35/CE ón gComhairle (IO L 315, 30.11.2017, lch. 61).

- (5) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6:

'Airteagal 6

Ceanglais chobhsaíochta shonracha

1. Gan dochar do chur i bhfeidhm Threoir 2009/45/CE déanfaidh longa nua paisinéirí róró atá deimhnithe chun níos mó ná 1350 duine a iompar ar bord na ceanglais chobhsaíochta shonracha a leagtar amach in SOLAS 2020, Caibidil II-1, Cuid B a chomhlíonadh ina n-iomláine.
2. Bunaithe ar rogha an oibreora, déanfaidh longa nua paisinéirí róró atá deimhnithe chun níos lú ná 1350 duine a iompar ar bord na nithe seo a leanas a chomhlíonadh:
 - (a) na ceanglais chobhsaíochta shonracha a leagtar amach in Iarscríbhinn I, roinn A, a ghabhann leis an Treoir seo, nó
 - (b) na ceanglais chobhsaíochta shonracha a leagtar amach in Iarscríbhinn I, roinn B, a ghabhann leis an Treoir seo.

Le haghaidh gach long den chineál sin, tabharfaidh údarás riaracháin an Stáit brataí fógra don Choimisiún laistigh de thréimhse 2 mhí ó dháta eisiúna an deimhnithe dá dtagraítear in Airteagal 8 faoin gcinneadh a rinneadh maidir leis an rogha dá dtagraítear i bpointí a nó b den chéad fhomhír agus áireoidh sé leis an bhfógra sin na mionsonraí dá dtagraítear in Iarscríbhinn III.

3. Agus na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn I, roinn A a chur i bhfeidhm, úsáidfí na Ballstáit na treoirlínte a leagtar amach in Iarscríbhinn II a mhéid atá sé sin praiticiúil agus comhoiriúnach le dearadh na loinge i gceist.
4. De réir rogha an oibreora, maidir le longa paisinéirí róró atá ann cheana atá deimhnithe chun níos mó ná 1350 duine a iompar ar bord agus ar tugadh isteach iad ar an oibríocht seirbhíse rialta chuig calafort Ballstáit nó uaidh tar éis an *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach, le do thoil, an dáta: 24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo]* nach raibh deimhnithe riamh de réir na Treorach seo, comhlíonfaidh siad na nithe seo a leanas:
 - (a) na ceanglais chobhsaíochta shonracha a leagtar amach in SOLAS 2020, Caibidil II-1, Cuid B; nó
 - (b) na ceanglais shonracha a leagtar amach in Iarscríbhinn I, roinn A, a ghabhann leis an Treoir seo, chomh maith leis na ceanglais a leagtar amach in SOLAS 2009, Caibidil II-1, Cuid B.

Déanfar na ceanglais chobhsaíochta a cuireadh i bhfeidhm a nótáil i ndeimhniú na loinge a cheanglaítear faoi Airteagal 8.

5. De réir rogha an oibreora, maidir le longa paisinéirí róró atá ann cheana atá deimhnithe chun 1350 duine nó níos lú a iompar ar bord agus ar tugadh isteach iad ar an oibríocht seirbhíse rialta chuig calafort Ballstáit nó uaidh tar éis an *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta 24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo]* nach raibh deimhnithe riamh de réir na Treorach seo, comhlíonfaidh siad na nithe seo a leanas:

(a) na ceanglais chobhsaíochta shonracha a leagtar amach in Iarscríbhinn I, roinn A, a ghabhann leis an Treoir seo, nó

(b) na ceanglais chobhsaíochta shonracha a leagtar amach in Iarscríbhinn I, roinn B, a ghabhann leis an Treoir seo.

(c) [...]

Déanfar na ceanglais chobhsaíochta a cuireadh i bhfeidhm a nótaíl i ndeimhniú na loinge dá dtagraítear in Airteagal 8.

6. maidir le longa paisinéirí róró atá ann cheana a chuaigh i mbun oibríocht seirbhíse rialta chuig calafort Ballstáit nó uaidh faoin *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta 24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo]*, comhlíonfaidh siad na ceanglais chobhsaíochta shonracha a leagtar amach in Iarscríbhinn I mar a bhí siad roimh theacht i bhfeidhm *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach teideal iomlán na Treorach leasaithí seo].’;*

(6) Scriostar Airteagal 7.

(7) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8:

‘Airteagal 8

Deimhnithe

1. Gach long paisinéirí róró atá faoi bhratach Ballstáit, biodh sí nua nó ann cheana féin, iompróidh sí deimhniú lena ndeimhnítear comhlíontacht leis na ceanglais chobhsaíochta shonracha dá dtagraítear in Airteagal 6.

Eiseoidh údarás riaracháin an Stáit brataí na deimhnithe agus d’fhéadfadh na deimhnithe a chumasc le deimhnithe gaolmhara eile. Le haghaidh longa paisinéirí róró a chomhlíonann na ceanglais chobhsaíochta shonracha atá ionchódaithe in Iarscríbhinn I, roinn A, sonrófar sa deimhniú an tonnairde shuntasach ar féidir leis an long na ceanglais chobhsaíochta shonracha a chomhlíonadh go dtí í.

Beidh an deimhniú bailí fad agus a oibríonn an long paisinéirí róró i limistéar ag a bhfuil an tonnairde shuntasach chéanna nó luach níos lú.

2. Aithneoidh gach Ballstát ag gníomhú i gcáil Stáit calafoirt dó deimhnithe a eisíonn Ballstát eile i gcomhréir leis an Treoir seo.

3. Glacfaidh gach Ballstát ag gníomhú i gcáil Stáit calafoirt dó deimhnithe a eisíonn tríú tír lena ndeimhnítear go gcomhlíonann long paisinéirí róró leis na ceanglais chobhsaíochta shonracha a leagtar síos sa Treoir seo.’;

(8) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 9:

‘Airteagal 9

Oibríochtaí séasúracha agus oibríochtaí i dtréimhse ghearr ama

1. Más mian le cuideachta loingseoireachta a oibríonn seirbhís rialta ó cheann ceann na bliana tuilleadh long paisinéirí róró a thabhairt isteach le hoibriú ar feadh tréimhse ama níos giorra ar an tseirbhís sin, tabharfaidh sé fógra d’údarás inniúil an Stáit calafoirt nó na Stát calafoirt tráth nach déanaí ná mí amháin sula n-oibreofar na longa sin ar an tseirbhís sin.
2. Más rud é, áfach, de thoradh cúinsí nach raibh coinne leo, nach mór long paisinéirí róró athsholáthair a thabhairt isteach go tapa chun leanúnachas seirbhíse a áirithiú, seachas an ceanglas fógra i mír 1, beidh feidhm ag Airteagal 4(4) de Threoir (AE) 2017/2110 agus Iarscríbhinn XVII, pointe 1.3, a ghabhann le Treoir 2009/16/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹³.
3. Más mian le cuideachta loingseoireachta seirbhís rialta a oibriú go séasúrach ar feadh tréimhse ghearr ama nach faide ná 6 mhí in aghaidh na bliana, tabharfaidh sé fógra d’údarás inniúil an Stáit calafoirt nó na Stát calafoirt tráth nach déanaí ná 3 mhí sula ndéanfar an oibríocht sin.
4. Maidir le longa paisinéirí róró a chomhlíonann na ceanglais shonracha in Iarscríbhinn I, roinn A, i gcás ina ndéanfar na hoibríochtaí, dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, i ndála ina mbíonn tonnairde shuntasach níos ísle ná na tonnairdí atá leagtha síos le haghaidh an limistéir farraige chéanna le haghaidh oibríocht ó cheann ceann na bliana, féadfaidh an t-údarás inniúil luach na tonnairde suntasaí is infheidhme le haghaidh na tréimhse giorra ama seo a úsáid chun airde an uisce ar dheic a chinneadh nuair a chuireann sé i bhfeidhm na ceanglais chobhsaíochta shonracha atá in Iarscríbhinn I, roinn A. Déanfar luach na tonnairde suntasaí is infheidhme le haghaidh na tréimhse giorra ama seo a chomhaontú idir na Ballstáit nó, i gcás inarb infheidhme agus inar féidir, idir na Ballstáit agus tríú tíortha ar dhá cheann an bhealaigh.
5. Tar éis comhaontú le húdarás inniúil an Stáit calafoirt nó na Stát calafoirt le haghaidh oibríochtaí de réir bhrí mhíreanna 1 agus 3, ceanglófar ar an long paisinéirí róró a ghnóthaíonn na hoibríochtaí sin deimhniú a bheith acu lena ndeimhnítear comhlíontacht le forálacha na Treorach seo, mar a fhoráiltear in Airteagal 8(1).’;

¹³ Treoir 2009/16/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le rialú Stát calafoirt (IO L 131, 28.5.2009, lch. 57).

- (9) Cuirtear an tAirteagal 13a seo a leanas isteach:

‘Airteagal 13a

Athbhreithniú

Déanfaidh an Coimisiún cur chun feidhme na Treorach seo a mheas agus cuirfidh sé torthaí na meastóireachta faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoin *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta: 10 mbliana ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo]*. Cuirfear faisnéis bunaithe ar na fógraí dá dtagraítear in Airteagal 6(2) ar fáil i bhfoirm gan ainm.’;

- (10) Leasaítear Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Treoir 2003/25/CE i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo;
- (11) An téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir seo, cuirtear le Treoir 2003/25/CE é mar Iarscríbhinn III.

Airteagal 2

Trasuí

1. Foilseoidh agus glacfaidh na Ballstáit faoin *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach, le do thoil, dáta: 24 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo]* na dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an tslí le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

Airteagal 2a

Maolú

Maidir le Ballstát nach bhfuil aon chalafóirt mhuirí ar a chríoch agus a bhfuil a chlár náisiúnta long dúnta aige nó nach bhfuil aon long aige ar a bhfuil a bhratach ar foluain a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo, féadfaidh sé maolú ar fhorálacha na Treorach seo fad a chomhlíontar na ceanglais thuasluaite. Aon Bhallstát a bhfuil sé ar intinn aige úsáid a bhaint as an maolú sin, tabharfaidh sé fógra don Choimisiún tráth nach déanaí ná an *[le sainiú]*. Maidir le haon athrú eile a dhéanfar ina dhiaidh sin, cuirfear in iúl don Choimisiún é freisin.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 4

Seolaithe

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh in/i/sa,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

1. Leasaítear Iarscríbhinn I mar a leanas:

- (a) Tar éis an teidil, cuirtear an téacs seo a leanas isteach:
 - ‘Roinn A’
- (b) Cuirtear isteach an abairt réamhráiteach seo a leanas:
 - ‘Chun críoch na roinne A seo, déanfar tagairtí do rialacháin Choinbhinsiún SOLAS a fhorléiriú mar thagairtí do na rialacháin sin mar a bhí feidhm acu faoi SOLAS 90.’
- (c) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Phointe 1:
 - ‘1. I dteannta cheanglais Rialachán II-1/B/8 den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir (SOLAS) maidir le foroinnt uiscédhíonach agus cobhsaíocht i gcás dochair, comhlíonfar ceanglais na roinne seo.’;
- (d) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Phointe 3.1:
 - 3.1. I gcás long, nach bhfuil le hoibriú ach le linn séasúr níos giorra dá dtagraítear in Airteagal 9, tiocfaidh Stáit Chalafoirt a áirítear sa bhealach ar chomhaontú maidir le hairde shuntasach na dtonn is infheidhme.’;
- (e) Cuirtear an roinn B seo a leanas isteach:

‘Roinn B

Comhlíonfar ceanglais SOLAS 2020, Caibidil II-1 Cuid B. Mar sin féin, de mhaolú ar SOLAS 2020, Rialachán II-1/B/6.2.3, déanfar an t-innéacs foroinne R is gá a chinneadh mar seo a leanas:

Daoine ar bord (N)	Innéacs Foroinne (R)
$N < 1000$	$R = 0.000088 * N + 0.7488$
$1000 \leq N \leq 1350$	$R = 0.0369 * \ln(N + 89.048) + 0.579$

I gcás inarb ionann:

- N = líon iomlán daoine ar bord.’

2. Leasaítear Iarscríbhinn II mar a leanas:

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an fhrása tosaigh i ‘Cur i bhFeidhm’:

‘I gcomhréir le forálacha Airteagal 6(3) den Treoir seo, úsáidfídh riaracháin náisiúnta na mBallstát na treoirlínte seo agus na ceanglais shonracha cobhsaíochta a leagtar amach i roinn A d’Iarscríbhinn I á gcur i bhfeidhm, a mhéid a bheidh sé indéanta agus a mhéid a bheidh sé comhoiriúnach le dearadh na loinge atá i gceist. Freagraíonn uimhreacha na míre thíos do na huimhreacha in Iarscríbhinn I, roinn A.’

IARSCRÍBHINN II**‘IARSCRÍBHINN III – SONRAÍ MAIDIR LE FÓGRA A THABHAIRT**

Sonraí a bhfuil fógra le tabhairt ina leith i gcomhréir le hAirteagal 6(2):

I. Sonraí ginearálta

- (1) Ceanglais chobhsaíochta is infheidhme: Roinn A nó Roinn B d'Iarscríbhinn I
- (2) Uimhir aitheantais na loinge (uimhir IMO, Glao-chomhartha)
- (3) Príomhshonraí
- (4) Plean Eagraithe Ginearálta
- (5) An líon daoine ar bord
- (6) Olltonnáiste
- (7) An long dhá cheann atá ann: Is ea/Ní hea
- (8) An bhfuil bolg íseal fada ag an long: Is ea/Ní hea

II. Sonraí sonracha – le haghaidh longa paisinéirí róró atá faoi réir cheanglais dhochúlaithe SOLAS

- (9) dl, dp, ds;
- (10) R – an t-innéacs is gá;
- (11) plean an leagain amach (plean sláine uiscédhíonachta) do na fo-rannáin le gach pointe oscailte inmheánach agus seachtrach lena n-áirítear a bhforannáin atá nasctha, agus na sonraí a úsáidtear chun na spásanna a thomhas, amhail plean eagraithe ginearálta agus plean umair. Ní mór teorainneacha na bhforannán, teorainneacha fadleibhéil, trasnacha agus ceartingearacha, a áireamh¹⁴;
- (12) innéacs foroinn A a bhaintear amach ag a bhfuil tábla achomair maidir leis na ranníocaíochtaí go léir do na limistéir uile a rinneadh damáiste dóibh¹⁵ le colún ar leith leis an innéacs foroinne insroichte ($w*p*v$);
- (13) i gcás cásanna damáiste maidir le limistéir 1 agus 2, an céatadán de chásanna damáiste nár imscrúdaíodh (i.e. cásanna nár cuireadh san áireamh san fhachtóir ($w*p*v$)), $s=0$, $s=1$ agus $0<s<1$;

¹⁴ Tá an doiciméadacht seo le tíolacadh chuig na Riaracháin de réir phointe 2.2 den Fhoscríbhinn a ghabhann le Rún MSC.429(98) ó IMO.

¹⁵ Tá an doiciméadacht seo le tíolacadh do na Riaracháin de réir phointe 2.3.1 den Fhoscríbhinn a ghabhann le Rún MSC.429(98) ón IMO.

- (14) i gcás cásanna damáiste maidir le limistéir 1 agus 2, an céatadán de chásanna damáiste a bhain le spásanna róró nár imscrúdaíodh (i.e. cásanna nár cuireadh san áireamh san fhachtóir ($w \cdot p \cdot v$)), is é sin $s=0$, $s = 1$ agus $0 < s < 1$;
- (15) i gcás gach damáiste a chuireann leis an bhfo-innéacs A a bhaintear amach, spásanna tuilte a shainaithint, luach ranníocaíochta agus fachtóir 's'¹⁶;
- (16) sonraí maidir le damáistí neamh-rannchuidithe ($s = 0$ agus $p > 0$) le haghaidh longa paisinéirí róró as a bhfuil feistithe le bolg íseal fada, lena n-áirítear sonraí iomlána maidir leis na fachtóirí ríofa¹⁷.

III. Sonraí ginearálta – do longa paisinéirí róró a chuirtear Iarscríbhinn I, roinn A i bhfeidhm maidir leo

- Modh comhlíonta:
 - Tástálacha Samhaltaithe
 - Ríomhanna

Léirigh ar seachnaíodh na ríomhanna i ndáil le huisce ar an deic, de bharr, mar shampla, an saorbhord iarmharach a bheith níos airde ná 2.0 m i ngach cás a raibh damáiste ann: Is ea/Ní hea

Airde shuntasach na dtonn de bhun Threoir 2003/25/CE.'

¹⁶ Tá an doiciméadacht seo le tiolacadh do na Riaracháin de réir phointe 2.3.1 den Fhoscríbhinn a ghabhann le Rún MSC.429(98) ón IMO.

¹⁷ Tá an doiciméadacht seo le tiolacadh do na Riaracháin de réir phointe 2.3.1 den Fhoscríbhinn a ghabhann le Rún MSC.429(98) ó IMO.